Bréagach sin, a bhean

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluim Dána*, Dublin, 1938, poem 8]

Anluan mac Aodhagáin ccc.

1 Bréagach sin a bhean,
ní beag seal don bhaois;
smachduigh th'aigneadh óg
a bhfuil ród dot aois.

2 Ainic thú ar an éag;
cuimhnigh, a ghéag ghlan,
bláth an domhain daoir
nach sealbh dhaoibh nó dhamh.

3 As do bhais mheir mhaoith
ná déin baois, a bhean;
gidh bé as bhuaine ré
ní mhairfe sé achd seal.

4 Ná déin eisdibh uaill
gearr san uaigh go mbiad
na lúba ar lí an óir,
ná tug dot óidh iad.

5 Bíodh th'aire ar an uaigh,
ná sill an ghruaidh gheal;
san tsúil mhairbh ghlais mhuill
ná cuir suim ná seadh.

6 San troigh rothruim réidh
ná fagh-sa féin fonn;
taobh as taise clúmh
tuig nach tú do chom.

7 Biaidh mar bhláth an fhiaigh
 - i gcriaidh ní cóir teann -
snuadh t'ochta mar aol,
do bhruinne shaor sheang.

8 I dtalmhain - tuar leoin -
smuain fa dheoigh do dhul;
biaidh a ghné mar ghual
an béal go snuadh subh.

9 Ar ndul duit i gcré
mi-se gidh mé ann
ní thiobhrainn riot taobh,

a chúl na gcraobh gcam.

10 Ret fhaicsin, a fholt fiar,
do-chuaidh mo chiall uaim;
duit, a bhruinneall bhán,
badh aithreach lá an Luain.

11 Tuirseach dhamh ’n-a ndeoigh
briathra do bheoil bhinn;
do ghlór síthe sáimh
ní mé a-mháin do mhill.

12 Ná bí baoth do gnáth
cuimhnigh cách ag éag;
an folt fleasgach fann
ní fhuil ann achd bréag.  Bréag.